



Chuig gach scoil

Fógra maidir le tacaíochtaí maoinithe Caipitíochta Covid-19 do Théarma 1 den Scoilbhliain 2021/22

Tá sé mar phríomhchuspóir ag plean an Rialtais maireachtáil le COVID-19 (Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021: Plean do Mhaireachtáil le COVID-19) gur féidir lenár leanaí agus foireann na scoile freastal ar scoil go sábháilte.

Tá athbhreithniú déanta ag Sláinte Poiblí FSS ar na bearta atá curtha i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le scoileanna oibriú go sábháilte agus táthar sásta go leanfaidh na bearta coiscithe agus rialaithe ionfhabhtaithe seo, nuair a chuirtear iad i bhfeidhm i gceart agus nuair a chloítear leo, ag coinneáil pobal na scoile slán.

Tá maoiniú Deontas Caipitíochta Covid-19 á sholáthar chun tacú le scoileanna na bearta seo a chur i bhfeidhm.

Tá fáil thíos ar na mionsonraí faoi mhaoiniú Deontas Caipitíochta Covid-19 chun tacú le scoileanna ina leith seo. Eiseofar an maoiniú seo do scoileanna roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair.

Mar a tharla i 2020/21, leanfar ag íoc na ngnáth-dheontas caipitíochta mar a tharlaíonn de ghnáth le cur ar chumas Boird Bhainistíochta Foireann Choimhdeach a choinneáil ar a bPárollaí agus costais reatha scoile eile a íoc.

Cáileoidh Iar-Bhunscoileanna san Earnáil Íocaíocht Táillí ar éirigh lena n-iaratas ar mhaoiniú caipitíochta Covid-19 in 2020/21 do mhaoiniú i dTéarma 1 2021/22.

Déanfar íocaíochtaí deontais a ríomh ag úsáid na rátaí per capita céanna a cuireadh i bhfeidhm don scoilbhliain 2020/21 agus beidh siad bunaithe ar rolluithe aitheanta do Mheán Fómhair 2020.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 1 – Rátaí in aghaidh an dalta		
Bunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna/Scoileanna Speisialta
Glanadh Breisithe	€21.00	€25.67
TCP	€20.00	€80.00

Nóta: Tá deontais a íoctar le scoileanna a bhfuil rollú cothrom le 60 dalta nó níos lú acu bunaithe ar íos-rollú 60 dalta.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 1 – Rátaí in aghaidh an dalta		
Iar-Bhunscoileanna	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta
Glanadh Breisithe	€11.00	€13.33

TCP	€32.00	€128.00
Maoirseacht Breisithe	€35.00	€35.00
Nóta: Tá deontais a íoctar le scoileanna a bhfuil rollú cothrom le 200 dalta nó níos lú acu bunaithe ar íos-rollú 200 dalta.		

Tá samplaí léiritheacha de luach na ndeontas seo iníoctha do scoileanna de mhéideanna éagsúla ar fáil in Aguisín A.

Tá gach deontas a bhaineann le Caipitíocht Covid-19 le húsáid mar atá leagtha amach roimhe seo in Imlitreacha 0045 agus 0046/2020 atá ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Roinne ag na naisc thíos.

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-chun-filleadh-go-hiomlan-ar-an-scoil/>

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-don-fhilleadh-iomlan-ar-scoil-iarbhunscoil/>

Féadfaidh scoileanna maoiniú a chuirtear ar fáil a úsáid thar raon na ndeontas chun sreabhadh airgid leordhóthanach a chinntiú ag amanna áirithe.

Caithfear ioncam agus caiteachas a thairdeadh i gcuntais na scoile agus a chur i leith na ndeontas aonair de réir mar is cuí.

Meabhraítear do scoileanna a chinntiú go ndéantar stoic a bhainistiú agus a sholáthar go cuí chun aon ró-stocáil soláthairtí a sheachaint. Baineann sé seo lena chinntiú go bhfuil luach ar airgead á fháil agus chun cur amú a sheachaint.

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo caithfear aon mhaoiniú nár caitheadh le Caipitíocht Covid-19 don scoilbhliain seo caite i.e. 2020/21 a chur ar ais chuig an státchiste agus soláthraíodh sonraí faoi na socruithe maidir leis seo san fhógra a eisíodh chuig scoileanna an 27 Bealtaine 2021 maidir le maoiniú Caipitíocht Covid-19 do Théarma 3 den scoilbhliain 20/21.

Beidh an ceanglas céanna i bhfeidhm maidir le haon mhaoiniú neamhchaite Caipiteal Covid-19 a bhaineann le maoiniú don scoilbhliain 21/22 a chur ar ais chuig an státchiste agus soláthrófar sonraí faoi na socruithe ina leith sin níos déanaí.

Maidir le tuilleadh fiosruithe, cuir ríomhphost chuig an Roinn ag covid19_alert@education.gov.ie nó ar an bhfón ag 057 9324461.

Leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe oideachais agus na speisialtóirí sláinte poiblí go léir ionas go leanfar ag tacú le scoileanna don scoilbhliain 2021/22, agus is mian liom buíochas a ghabháil libh arís as bhuir dtiomantas leanúnach lena chinntiú go bhfuil scoileanna mar áiteanna sábháilte do dhaltaí agus dhaoine fásta araon.

Le dea-mhéin

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta

Samplaí léiritheacha de luach na ndeontas iníoctha do scoileanna ar mhéideanna éagsúla

Bunscoileanna		
Luach Deontais Caipitíochta Covid-19 – Ráta Príomhshrutha - Téarma 1 Scoilbhliain 21/22		
Líon Múinteoirí	Glanadh	TCP
Suas go 60	€1,260	€1,200
100	€2,100	€2,000
200	€4,200	€4,000
400	€8,400	€8,000
600	€12,600	€12,000

Bunscoileanna Speisialta		
Luach Deontais Caipitíochta Covid-19 – Ráta Breisithe - Téarma 1 Scoilbhliain 21/22		
Líon Múinteoirí	Glanadh	TCP
1	€1,540	€4,800
2	€1,592	€4,960
3	€2,464	€7,680
4	€3,337	€10,400
5	€4,210	€13,120
6	€5,057	€15,760
7	€5,853	€18,240
8	€6,623	€20,640
9	€6,982	€21,760
10	€7,829	€24,400
11	€8,676	€27,040
12	€9,524	€29,680
13	€10,371	€32,320
14	€11,218	€34,960
15	€12,065	€37,600
16	€12,912	€40,240

Iar-Bhunscoileanna

Luach Deontais Caipitíochta Covid-19 – Ráta Príomhshrutha – Téarma 1 Scoilbhliain 21/22

Rollú Daltaí	Glanadh	TCP	Maoirseacht
Suas go 200	€2,200	€6,400	€7,000
400	€4,400	€12,800	€14,000
600	€6,600	€19,200	€21,000
800	€8,800	€25,600	€28,000
1,600	€17,600	€51,200	€56,000